2026/2222

1.10.2026

CINNEADH (AE) 2026/2222 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meán Fómhair 2026

lena gceaptar comhalta den Chúirt Iniúchóirí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 286(2) de,

Ag féachaint don togra ó Phoblacht na hOstaire,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuaigh téarma oifige Helga BERGER in éag an 31 Iúil 2026.

(2) Tá sé molta ag Poblacht na hOstaire go gceapfaí Gerald LOACKER mar chomhalta den Chúirt Iniúchóirí don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 30 Meán Fómhair 2032.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, comhalta nua a cheapadh ar an gCúirt Iniúchóirí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Gerald LOACKER ina chomhalta den Chúirt Iniúchóirí don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 30 Meán Fómhair 2032.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON

[1] Tuairim an 16 Meán Fómhair 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).